

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, (arna leasú)

Iarratasóir: Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Seoladh Suímh: Baile an Gharráin Theas, Baile Átha an Rí.

Baile (Bailte) Fearainn: Baile an Gharráin Theas.

De réir Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001, arna leasú, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Stáisiún Dóiteáin nua a thógáil i mBaile an Gharráin Theas, Baile Átha an Rí. Áirítear sna tograí, obair leis an suíomh a ghlanadh, túr oiliúna, comharthaíocht, tírdhreachú, páirceáil, ceangail nua leis na seirbhísí atá ann, agus gach obair forbartha eile a bhaineann leis an suíomh

Tugadh faoi phróiseas Scagadh Measúnachta Tionchair Timpeallachta i ndáil leis an bhforbairt atá beartaithe, agus tá cinneadh déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe nach mbeidh tionchar suntasach ag an scéim ar an timpeallacht, agus dá bhrí sin nach bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta de dhíth.

Tugadh faoi scagadh 'Measúnacht Chuí' le linn Chéim 1 don fhorbairt bheartaithe agus tá cinneadh déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfuil 'Measúnacht Chuí' Céim 2 [Ráiteas Tionchair Natura] de dhíth.

Is féidir le duine ar bith, laistigh de 4 seachtaine ó dháta an fhógra seo, iarratas a dhéanamh leis an mBord Pleanála ar chinneadh i dtaobh scagadh maidir le cibé an dócha go mbeidh nó nach mbeidh tionchair shuntasacha ag an bhforbairt ar an timpeallacht, nó ar shuíomh Eorpach.

Beidh Pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-íniúchadh, nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhainfeadh lena gcóipeáil, le linn gnáthuaireanta oifige (Luan go hAoine, 9.00 a.m. go dtí 4.00 p.m.) gan laethanta Saoire Bainc agus Saoire Phoiblí san áireamh agus faoi réir socraithe rochtana bainistithe mar

gheall ar bhearta rialuithe Covid 19) ar feadh tréimhse 4 seachtainí ar a laghad ón Aoine an 23 Iúil 2021 go dtí Dé hAoine an 20 Lúnasa 2021, ag an suíomh seo a leanas:

Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Rannóg Pleanála (Cuntar Poiblí), Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91 H6KX.

Is féidir aighneacht nó breithniúcháin a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an bhforbairt bheartaithe, ina bpléitear pleanáil chuí agus forbairt inmharthana sa limistéar ina mbeidh an fhorbairt lonnaithe agus sin a chur chuig: Rúnaí an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Uimh Bosca PO. 27, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX; nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig planning@galwaycoco.ie; nó i bhformáid leictreonach tríd an láithreán gréasáin speisialta ag <https://consult.galway.ie/ga> - le bheith istigh tráth nach déanaí ná Dé hAoine an 03 Meán Fómhair 2021.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Mar thoradh ar an bpaindéim leanúnach Covid-19 (an coróinvíreas), iarrtar ar dhaoine ar mian leo na comhaid phleanála a scrúdú teagmháil a dhéanamh le Comhairle Chontae na Gaillimhe nó dul chuig www.gaillimh.ie lena fháil amach an bhfuil nósanna imeachta, más ann dóibh, i bhfeidhm chun scaipeadh Covid-19 (an coróinvíreas) a chosc. Tráth a ndéantar an fógra seo, is trí choinne amháin is féidir na comhaid phleanála a scrúdú. Is féidir coinní a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig planning@galwaycoco.ie, nó trí theagmháil a dhéanamh le Rannóg Pleanála Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag an uimhir 091-509000.